NACD
Coiste Comhairleach
Náisiúnta ar Dhrugaí

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND)

PRN A9/0597

© Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí 2009

Arna dhearadh ag www.paulmartin.ie

Fís, Misean, Luachanna

Fís

Fócas náisiúnta a sholáthar i gcomhair na n-iarrachtaí uile a bhaineann le heolas agus lena dtreoraítear polasaithe na hÉireann maidir leis an mí-úsáid drugaí.

Misean

Ghabh an CCND air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú leis an Rialtas chun iarmhairtí na mí-úsáide drugaí, ó thaobh na sláinte, cúrsaí sóisialta agus an gheilleagair, a laghdú go suntasach trí shonraí agus anailís thráthúil a sholáthar ar thaighde;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn a chuid eolais, agus bearnaí, ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thaighde, a shonrú;
- Cinntiú gur fianaise ó thaighde eolaíochta a dhéanfaidh an bunús don phróiseas ceaptha polasaithe, forbartha seirbhísí agus d'fheabhas leanúnach ar gach cur chuige chun dul i ngleic leis an mí-úsáid drugaí in Éirinn;
- Oibriú go dlúth le Rannán Taighde ar Alcól agus Dhrugaí an Bhoird Taighde Sláinte, ag soláthar comhairle, ag comhordú iarrachtaí taighde agus ag baint an úsáid is mó is féidir as acmhainní;
- Tacú le hIonad Doiciméadaithe Náisiúnta a chur ar bun;
- Idirchaidreamh a choinneáil ar bun leis na gníomhaireachtaí ábhartha ar bhonn náisiúnta chun taighde agus acmhainní a chomhordú;
- Rannpháirtíocht raon leathan páirtithe a chinntiú, ar bhonn náisiúnta, lena chuid riachtanas taighde a chomhlíonadh agus torthaí a scaipeadh;
- Freastal ar gach gníomhaíocht a bhaineann le hobair leis an mí-úsáid drugaí a laghdú agus socruithe a dhéanamh go scaipfear torthaí taighde, faisnéis agus sonraí eile go héifeachtach, rud a nascfaidh taighde leis an gcleachtas.

Luachanna

Chomhaontaigh an CCND go mbeadh na luachanna seo a leanas ina dtreoir dó agus a chlár saothair á chur i bhfeidhm aige. Déanfaidh an CCND na nithe seo a leanas:

- Éagsúlacht a bhallraíochta a bhainistiú agus é féin a chur faoi ghealltanas gur cur chuige comhthola a ghlacfar agus cinntí á ndéanamh;
- Cultúr measa, dínite, trédhearcachta agus cothroime a chothú ina chuid oibríochtaí go léir;
- An t-idirphlé a mholadh mar bhealach chun na dearcaí agus eispéiris éagsúla a chothromú ó thaobh na mí-úsáide drugaí in Éirinn;
- A bheith oibiachtúil agus faisnéis á bailiú agus á scaipeadh, ar aon dul lena ghealltanas do Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008;
- É féin a chur faoi ghealltanas go gcloífear leis na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh an tsármhaithis agus na hiompraíochta eiticiúla;
- Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a thóraíocht sa chás gur mó an tairbhe a bheidh ann ó thaobh a sprioc a bhaint amach agus comhoibriú le gach duine a d'fhéadfadh leas a bhaint as bonn a chuid eolais.

Clár

Réamhfhocal 4

Tuairisc an Chathaoirligh 5

Achoimre Feidhme 6

Gluais na dTéarmaí 7

1. Cúlra agus Feidhmeanna an CCND 8

1.1 Bunús 8

1.2 Feidhmeanna 8

2. Struchtúir agus Clár Saothair 10

2.1 Struchtúir 10

2.1.1 An CCND 10

2.1.2 Fo-Choistí 10

2.1.3 Téarmaí Tagartha 10

2.2 Clár Saothair an CCND 10

2.2.1 Achoimre ar 2008 10

2.2.2 An Próiseas Taighde 11

2.2.3 Taighde Coimisiúnaithe 11

2.2.4 Taighde Leanúnach 12

2.2.5 Comhobair 14

2.2.6 Comhobair idir an CCND/FSND 14

2.3 Bainistíocht Feidhmíochta 14

2.3.1 Foireann 14

2.3.2 Scórchárta Ualaithe 14

2.3.3 Saoráil Faisnéise (SF) 15

2.3.4 Tacaíocht an Aonaid Straitéise Drugaí (ASD) 15

2.3.5 Rannpháirtíocht in Oiliúint 15

3. Cumarsáid 16

3.1 Comhairle don Rialtas 16

3.2 Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide 16

3.3 Suíomh Idirlín an CCND 16

3.4 Seimineáir/Faisnéisiú 2008 17

3.4.1 Seimineáir/Comhdhálacha ar fhreastail baill foirne an CCND orthu in 2008 17

3.4.2 Ábhair a chuir an CCND i láthair i rith 2008 18

3.5 Foilseacháin agus Aighneachtaí 18

4. Cúrsaí Airgeadais 20

4.1 Taighde - Maoiniúchán a Leithdháileadh 20

4.2 Caiteachas an CCND 20

Aguisín 1

Comhaltach an Choiste CCND amhail an 31 Nollaig, 2008 21

Aguisín 2

Tábla Comhaltais an Fho-Choiste amhail an 31 Nollaig, 2008 23

Aguisín 3

Bearta Riachtanach don CCND faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 26

Réamhfhocal

Cuireann sé ríméad orm fáilte a chur roimh an tríú Tuarascáil Bhliantúil den Choiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND). Comhlíonann an CCND ról an-tábhachtach trí chomhairle taighde-bhunaithe a sholáthar don Rialtas i ndáil le húsáid drugaí ar fud oileáin na hÉireann.

Rudaí suntasacha a baineadh amach in 2008 ná an Staidéar Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007, agus foilseachán ar thorthaí breise ón Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn (ROSIE) a dhíríonn ar thorthaí na cóireála óipiam.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Dr. Des Corrigan dá thiomantas d'obair an CCND agus dá chathaoirleacht fíor-éifeachtach ar an gCoiste. Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste freisin dá n-ionchur lánchroíoch in obair an CCND. Lena chois sin, cuireadh go mór le hobair CCND trí rannpháirtíocht ó líon suntasach daoine ar fho-choistí. Táim buíoch dóibh freisin agus d'fhoireann taighde agus riaracháin an CCND.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus obair chrua an Stiúrthóra, Mairéad Lyons, a bheidh ag tabhairt faoi dhúshláin nua tar éis seacht mbliana leis an CCND. Guím gach rath uirthi sa todhchaí.

John Curran T.D.
Aire Stáit
ar a bhfuil freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí

Tuairisc an Chathaoirligh

Ba mheascán de choimisiúnú agus taighde inmheánach ab ea saothar CCND i rith 2008 chomh maith le roinnt tuarascálacha tábhachtacha a fhoilsiú. Bhí ceithre fheasachán san áireamh sna foilseacháin ar thorthaí an tSuirbhé Daonra 2006/2007 ar úsáid drugaí in Éirinn agus Tuaisceart Éireann a dhéileáil le patrún foriomlán na húsáide drugaí ar an oileán, chomh maith le sonraí réigiúnacha curtha i láthair ar bhonn an Tascfhórsa Réigiúnaigh ar Dhrugaí. Ina dhiaidh sin, foilsíodh sonraí mionsonraithe faoi leitheadúlacht, déimeagrafaíocht agus dearcaidh ar Chócaon agus ar Channabas. Tá súil againn go gcabhróidh an líon sonraí sna tuarascálacha seo agus na hathruithe ó Shuirbhé 2002/2003 ag na leibhéil áitiúla agus náisiúnta le smaointe a mhúscailt de réir mar a fhorbraítear straitéisí sa todhchaí. Ar leibhéal teicniúil, ní féidir fós breathnú ar threochtaí sna suirbhéanna seo mar beidh suirbhé eile ag clúdach 2010/11 ag teastáil le go dtiocfaidh sonraí treochta bríocha chun cinn.

Shonraigh an trí Fheasachán ón staidéar ROSIE cad is féidir a bhaint amach trí chóireáil na ndaoine atá cleithiúnach ar óipiam, agus ar na dúshláin atá le sárú ag seirbhísí daoine a thabhairt ar an aistear cóireála chuig téarnamh iomlán agus a bhfolláine coirp agus meabhairshláinte a fheabhsú. Tá CCND buíoch go háirithe dóibh siúd a roinn scéalta pianmhara faoina saol le taighdeoirí ó OÉ Maigh Nuad ionas go mbeadh buntáiste ann do dhaoine eile sa todhchaí.

I dTuarascáil Bhliantúil 2007, rinneadh tagairt don chomhoibriú idir CCND agus Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND) a thug comhthuarascáil don Rialtas ar Chócaon. Bhí comhoibriú torthúil eile an bhliain seo le tuarascáil ar sholáthar an Mhalartaithe Steallairí. Tá roinnt tionscnaimh ar bun ag eascairt ó bhreithniú na tuarascála ag an nGrúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí (GID). Tá tábhacht ag baint leis mar is príomhtháscaire feidhmíochta é forfheidhmiú moltaí CCND dúinn mar rannóg taighde agus chomhairleach na Straitéise Náisiúnta Drugaí.

Ní fhéadfaí saothar éagsúil cuimsitheach an Choiste a dhéanamh gan saineolas agus tiomantas na ndaoine a fhreastalaíonn ar an CCND, ar na Fo-Choistí agus ar na Grúpaí Comhairleacha um Thaighde. Tugann comhaltaí a gcuid ama agus eolais go neamhleithleachagus tá ár mbuíochas tuillte acu don mhéid a sholáthraíonn siad ar bhonn leanúnach.

Tá líon foirne beag san CCND, ach is grúpa iad a oibríonn go dícheallach, agus ní bheadh an oiread bainte amach ag an gCoiste ó bunaíodh an eagraíocht in 2000 gan rannpháirtíocht foirne. Soláthraíonn siad saothar ardchaighdeáin ar bhonn leanúnach - go minic agus iad faoi brú ag srianta ama. Táim féin agus mo chomhghleacaithe fíorbhuíoch dóibh don obair chrua a dhéanann siad.

Tá focal speisialta don iar-Stiúrthóir CCND, an tUasal Mairéad Lyons a raibh ról lárnach aici a chinntiú gur foilsíodh ár n-aschuir in am agus go ndearnadh na caighdeáin is airde a leanúint i gcónaí. Chuir a cinneadh le CCND a fhágáil tar éis seacht mbliana iontas ar dhaoine laistigh den eagraíocht, agus ar gach duine a bhí eolas faoina bua agus tiomantas don obair ardchaighdeáin. Táimid ar fad fíorbhuíoch dá hiarrachtaí agus tiomantas a bhí riachtanach le CCND a thabhairt chuig ardleibhéal táirgiúlachta agus aitheantais an lae inniu. Aireofar uainn a tionchar, fuinneamh, díograis agus tiomantas - go háirithe a cumas chun tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bpáirtithe leasmhara. Tá sé sonrach gur aithin Mairéad i gcónaí gur dhéileáil ár gcuid oibre, taighde agus tuarascálacha ar fad le fíordhaoine a bhfuil fadhbanna móra acu. Guím féin agus mo chomhghleacaithe gach rath uirthi ina post nua. Is eol dúinn go dtabharfaidh sí a stíl sainiúil féin chuig Cumann Ailse na hÉireann - rud a bheidh ina chaillteanas dúinn féin agus ina bhuntáiste dóibh siúd.

Ní hamháin go gcuirtear fáilte roimh thacaíocht leanúnach an Aire Stáit agus a oifigigh san Aonad Straitéise Drugaí sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta do shaothar CCND, ach is eilimint riachtanach iad sna nithe atá curtha i gcrích go dáta.

Dr Des Corrigan FPSI
Cathaoirleach

Achoimre Feidhme

Is bliain urghnách í 2008 arís don CCND; seacht gcruinniú iomlán den Choiste; 22 cruinniú fo-choiste agus 15 cruinniú den Ghrúpa Comhairleach um Thaighde agus bhí 15 foilseachán mar thoradh leo, sé cinn a foilsíodh ar an nGréasán amháin. Leanann eagna agus saineolas comhchoiteann an CCND ar aghaidh ag cruthú sineirge faoi leith atá mar bhunús lena ngnóthachain. Is coiste iad lena gcuid iarrachtaí comhoibrithe dírithe ar sheirbhísí agus torthaí níos fearr a bhaint amach do dhaoine atá faoi thionchar ag fadhb na húsáide drugaí agus na handúile.

B'fhéidir gur buaicphointe 2008 é foilsiú Torthaí 3-bliana ROSIE inár sraith de Thorthaí ROSIE. Cuireann na torthaí seo gnóthachain iontacha in iúl d'úsáideoirí drugaí a bhí rannpháirteach sa staidéar agus do sholáthraithe seirbhíse a chabhraigh le daoine a saol a athrú gan staonadh beag beann ar chomh anordúil agus a bhí a gcuid fadhbanna.. Ba é an ceacht is mó ón Staidéar ROSIE dóibh siúd a fhágann cóireáil agus a dhéanann iarracht filleadh arís, ná nach mbíonn na gnóthachain luaithe ar fad caillte agus feidhmíonn siad mar bhunchloch nuair a ghluaiseann an t-úsáideoir drugaí i dtreo na sprice.

Tá líon foirne beag ag CCND le daoine díograiseacha a oibríonn go crua. Ní dhéanann siad gearán riamh agus is minic a bhí spriocanna ama acu a chuireann le brú an lae oibre. Táim fíorbhuíoch do Alan Gaffney, Bainisteoir Oifige CCND; don Dr Gemma Cox, Oifigeach Taighde CCND; don Uasal Mary Jane Trimble a thugann tacaíocht fáilteachais agus rúnaíocht don CCND; don Dr Teresa Whitaker, Taighdeoir; don Uasal Sheena Duffy a thugann tacaíocht riaracháin ar bhonn páirtaimseartha agus don Dr Justine Horgan, Taighdeoir ar feadh tréimhse ghearr in 2008.

Seo mo thuarascáil deiridh don CCND agus mo dheis deiridh dá réir chun buíochas ó chroí a chur in iúl don tacaíocht a fuair mé ón CCND agus go háirithe an Cathaoirleach, an Dr Des Corrigan. Tá ceannaireacht agus tacaíocht iontach tugtha aige, le cinntiú go rabhamar dírithe i gcónaí agus nár chailleamar súil ar an bpríomhdhualgas: comhairle a sholáthar don rialtas ar thionchar drugaí ar daoine aonair, ar theaghlaigh agus ar phobail. Is mian liom aitheantas a thabhairt do cheathrar Airí lena raibh mé ag obair i rith mo théarma leis an CCND, (Eoin Ryan TD FPE; Noel Ahern TD; Pat Carey TD agus John Curran TD).

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine lenar oibrigh mé le seacht mbliana anuas ag leibhéal an Rialtais (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, FSND, GID, TFRD, TFÁD), PHIRB, FSS, comhaltaí na nGrúpaí Comhairleach um Thaighde CCND éagsúla agus gníomhaireachtaí eile cosúil leis an Líonra um Thacaíocht Teaghlaigh.

Mairéad Lyons
Stiúrthóir

Gluais na dTéarmaí

AFDTA Aonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól den Bhord Taighde Sláinte (ar tugadh an RTMD nó Rannóg Thaighde ar Mhí-úsáid Drugaí roimhe seo)

ARC&C Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

ASD Aonad Straitéise Drugaí

CMTD Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí

TR Toghroinn

SF Saoráil Faisnéise

VEID Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna nó HIV

FSS Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

BTS An Bord Taighde Sláinte

CCAAÉ Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn

GID Grúpa Idir-rannach ar Dhrugaí

TFÁD Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí

CCÉ Cé na gCeannaithe Éireann

CCND An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

FSND Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí

OÉ Ollscoil na hÉireann

IOAE Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

BFTSP Brainse Faisnéise agus Taighde ar Shláinte Phoiblí

CP Ceist Pharlaiminteach

GCT Grúpa Comhairleach um Thaighde

TFRD Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí

MTF Meitheal Taighde agus Faisnéise

ROSIE Staidéar ar thoradh taighde in Éirinn lena meastar éifeachtacht na cóireála drugaí (Research Outcome Study in Ireland evaluating drug treatment effectiveness)

COBÁC An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

LCDD Líonra um Chóireáil Dheonach do Dhrugaí

Caibidil a hAon

Cúlra agus Feidhmeanna an CCND

1.1 Bunús

Bunaíodh an CCND i mí Iúil 2000 chun comhairle a thabhairt don Rialtas maidir leis an bhfadhbúsáid drugaí in Éirinn i ndáil le hiarmhairtí, leitheadúlacht, cosc agus cóireáil lena n-áirítear an t-athshlánúchán, bunaithe ar a anailís agus a léirmhíniú ar thorthaí taighde agus ar fhaisnéis a bhíonn ar fáil dó. Soláthraíonn sé comhairle luathrabhaidh don Rialtas freisin. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaíocht ó Ranna Rialtais, ón Lucht Léinn, ó earnálacha Pobail, Deonacha agus Reachtúla agus tuairiscíonn sé chuig an Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ón suíomh idirlín www.nacd.ie.

Forbraíodh clár breise saothair de thoradh chinneadh Rialtais le sainordú an CCND a athnuachan in 2004. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le príomhghrúpaí agus páirtithe leasmhara chun féachaint ar dheiseanna breise ó thaobh taighde agus faisnéise. Mar chuid den phlean gnó a forbraíodh, leantar ar aghaidh leis an gclár reatha agus aithnítear bearnaí leanúnacha ó thaobh faisnéise. Cheadaigh an Coiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta an plean gnó agus tá sé foilsithe ar shuíomh idirlín an CCND ("Plean Gnó 2005-2008").

D'oibrigh an CCND go dlúth le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile i gcaitheamh na mblianta chun scileanna agus acmhainní a bharrfheabhsú ó thaobh faisnéis a bhailiú agus bearnaí in eolas a líonadh. Oibríonn an CCND go dlúth le hAonad Taighde ar Dhrugaí is Alcól an Bhoird Taighde Sláinte ach go háirithe le riachtanais fhaisnéise Chúig Tháscaire Bhuntábhachtacha an AE, maidir leis an Úsáid Drugaí, a chomhlíonadh. Tá an CCND i mbun comhoibre leanúnaí le comhghleacaithe i mBrainse Faisnéise agus Taighde ar Shláinte Phoiblí na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann, ag bailiú faisnéise ar leitheadúlacht na ndrugaí i measc an daonra ghinearálta ar an oileán ar fad.

Próiseas is ea clár saothair agus modus operandi an CCND a bhíonn ag éabhlóidiú agus is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar shuíomh idirlín an CCND. An Rialtas a leag a fheidhmeanna lárnacha síos in 2000 áfach agus níor athraíodh iad seo - féach an chéad leathanach eile.

1.2 Feidhmeanna

Agus é á bhunú in 2000, leagadh feidhmeanna an CCND (an Coiste) amach mar seo a leanas:

- Bunaithe ar anailís agus léirmhíniú an Choiste ar thorthaí taighde agus ar fhaisnéis a bhíonn ar fáil dó, comhairle a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta agus, tríd sin, don Rialtas, i ndáil le, leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thacair reatha faisnéise agus ar inniúlacht taighde i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn agus moltaí a dhéanamh, de réir mar is cuí, maidir le conas gur chóir aghaidh a thabhairt ar easnaimh lena n-áirítear conas an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as faisnéis a bhíonn ar fáil ón earnáil phobail agus dheonach;
- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas le clár trí bliana taighde agus meastóireachta, ar tugadh tús áite dó, a sheachadadh, faoi mar a mhol an Coiste Comhairleach Eatramhach, leis na bearnaí agus riachtanais aitheanta, ar tosaíocht iad, a chomhlíonadh tríd an méid seo a leanas:

  a) úsáid a bhaint as inniúlacht ghníomhaireachtaí ábhartha a bhíonn i mbun an bhailiúcháin faisnéise agus taighde, idir reachtúil agus neamhreachtúil, le heilimintí an chláir a sheachadadh;
  b) idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí seo d'fhonn an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as na hacmhainní a leithdháileadh leis an gclár a sheachadadh agus le dúbailt a sheachaint;
  c) tionscadail taighde a chomhordú agus comhairle a thabhairt ina dtaobh i bhfianaise an chláir ar tugadh tús áite dó;
  d) tionscadail taighde nach féidir a chomhlíonadh tríd an inniúlacht atá ann cheana féin, a choimisiúnú;

e) taighde breise a choimisiúnú, ar iarratas an Rialtais, ar shaincheisteanna ábhartha, maidir le drugaí, a bhaineann le polasaithe;

- oibriú go dlúth leis an mBord Taighde Sláinte (BTS) le bunachar sonraí náisiúnta faisnéise/taighde a bhunú (i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí) a bheidh sorochtana; agus
- comhairle a thabhairt do Ghníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil sé de shainchúram orthu feasacht níos mó a chur chun cinn i measc an phobail maidir leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil leis an bhfadhbúsáid drugaí agus díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh trína thorthaí taighde a scaipeadh.

Caibidil a Dó

Struchtúir agus Clár Saothair

2.1 Struchtúir

2.1.1 An CCND

Cuimsíonn an CCND de 19 comhalta atá rannpháirteach, an Cathaoirleach mar eisceacht, ar bhonn deonach. Fuair an Cathaoirleach airgead oinigh beag ón mbliain 2005 i leith. Freastalaíonn comhaltaí ar chuireadh an Aire Stáit agus cuireann a rannpháirtíocht dualgas orthu suí ar an bPríomhchoiste CCND agus ar fho-choiste amháin ar a laghad. Bíonn cruinnithe CCND sceidealta gach sé seachtain go ginearálta - mí Iúil agus Lúnasa as an áireamh. Tionóladh seacht gcruinniú caighdeánach, cruinniú machnaimh amháin agus cruinniú amháin chun aighneacht CCND chuig Athbhreithniú na Straitéise Náisiúnta Drugaí (SND) a mheas in 2008. Déantar an comhaltas iomlán a mhionsonrú in Aguisín 1.

2.1.2 Fo-Choistí

De bharr castachta na ceiste drugaí, bainistíonn an CCND a gclár saothair trí struchtúr fo-choistí lena n-áirítear grúpaí comhairleach um thaighde (GCT). Tá cúig fho-choiste ag feidhmiú: Iarmhairtí; Luathrabhadh ar Threochtaí Éiritheacha; Leitheadúlacht; Cosc; agus Cóireáil/Athshlánúchán. Tionóltar gach coiste mar is cuí agus de réir riachtanais an chláir saothair CCND. Rinneadh 22 cruinniú fo-choiste a thionól san iomlán in 2008 mar a leanas: Iarmhairtí (3); Luathrabhadh ar Threochtaí Éiritheacha (5); Leitheadúlacht (6); Cosc (4); agus Cóireáil/Athshlánúchán (4). Tionóladh 15 cruinniú GCT ar an iomlán in 2008. Tá comhaltas iomlán na bhfo-choistí mionsonraithe in Aguisín 2.

2.1.3 Téarmaí Tagartha

Tá Téarmaí Tagartha na bhfo-choistí agus na ngrúpaí comhairleacha um thaighde ar fáil ar shuíomh idirlín an CCND.

2.2 Clár Saothair an CCND

D'fhoilsigh an CCND a gcéad chlár saothair in 2001 agus foilsíodh plean gnó in 2002. Rinne Talbot Associates athbhreithniú seachtrach ar an CCND in 2004 agus rinne an Rialtas sainordú athnuaite a fhaomhadh ag deireadh 2008 dá thoradh. Foilsíodh plean gnó trí bliana in 2005. Rinne sé cur síos ar chlár saothair nua ag ionchorprú cláir saothair roimhe seo a bhí fós le cur i gcrích, agus taighde go raibh gá é a athdhéanamh. Aontaíonn an CCND ar bhearta ag tús gach bliana chun spriocanna a gclár saothair a bhaint amach.

Rinneadh tionscadal taighde nua amháin a choimisiúnú in 2008 agus bhí ocht dtionscadal taighde leanúnach ann. Cuireadh 15 fhoilseachán i gcrích; sé fhoilseachán ar an nGréasán amháin agus an chuid eile a bhí priontáilte agus dáilte.

2.2.1 Achoimre ar 2008

Chuimsigh an clár oibre leanúnach in 2008 an méid seo a leanas:

- Anailís ar shonraí ón Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007;
- Breis anailíse agus foilseachán ar shonraí 1-bliana agus 3-bliana an staidéir ROSIE;
- Measúnú ar an bhFeachtas Feasachta Náisiúnta Drugaí curtha i gcrích;
- Saothar allamuigh leanúnach agus anailís ar na sonraí ar úsáid dhrugaí agus taighde striapachais;
- Saothar allamuigh leanúnach agus léirbhreithniú litríochta ar staidéar comparáideach ar úsáid dhrugaí i measc luathfhágálaithe scoile agus taighde ar lucht freastail;
- Tuarascáil ar sholáthar do Mhalartú Steallairí in Éirinn - tionscadal i gcomhar le FSND;
- Athstaidéar Gabhála Athghabhála;
- Bileog Threorach an tSaothair Idirghníomhaireachta.

Bhí taighde nua-chomisiúnaithe mar a leanas:

- Taighde ar mhargadh drugaí in Éirinn.

Obair inmheánach - achoimre ar ghníomhaíochtaí:

- Staidéar Luathfhágála Scoile - teagmháil leanúnach le hionaid staidéir, Ipsos MORI agus GCT - iad ar fad atá bainistithe go hinmheánach;

- Staidéar ar Mhargadh Drugaí - monatóireacht agus tacaíocht;
- Úsáideoirí Drugaí, Striapachas agus an Timpeallacht Riosca - comhlánú an tsaothair allamuigh, ullmhú na hanailíse agus scríbhneoireacht na tuarascála don CCND - iad ar fad atá bainistithe go hinmheánach;
- Suirbhéanna na Leitheadúlachta Drugaí - ceithre fheasachán ullmhaithe agus foilsithe, eatraimh muiníne (EM) ullmhaithe do fheasacháin 1 agus 2 (suirbhé 06/07) agus EM 2002/3 nuashonraithe;
- Athbhreithniú agus idirchaidreamh leis an ARC&C maidir le hÉifeachtacht na Cóireála Drugaí;
- Athbhreithniú agus treoir don fhoireann taighde ar Thorthaí ROSIE 5, 6 agus 7 agus bainistíocht déanta ar fhoilseacháin;
- Ullmhúchán DVD ar thorthaí 3 bliana ROSIE;
- Athbhreithniú SND - aighneacht ullmhaithe, freastal déanta ar chruinnithe agus ar chomhairliúcháin, athbhreithniú leanúnach agus aiseolas ar dhréacht-chaibidlí na tuarascála;
- An Feachtas Feasachta Náisiúnta Drugaí - rannpháirtíocht i gcruinnithe agus seoladh an imeachta feachtais;
- Tiomsú agus eagarthóireacht ar an Tuarascáil um Mhalartú Steallairí ó oifigeach taighde an CCND - tionscadal a cuireadh i gcrích i gcomhar leis an FSND. Tuarascáil foilsithe;
- Monatóireacht agus tacaíocht don fhoireann taighde ar an staidéar Gabhála Athghabhála athdhéanta;
- Aiseolas don GID ar thuarascáil faoi Bhásanna a bhfuil baint ag Drugaí leo agus litir seolta chuig an Aire;
- Fógra sláinte phoiblí d'Aonaid Timpistí agus Éigeandála ag eascairt ó bheart CCND i ndáil le truaillmheascóirí cócaoin, go háirithe ligneacacon;
- Tuarascáil Bhliantúil 2007 ullmhaithe agus foilsithe ar an nGréasán;
- Rinne an Stiúrthóir ionadaíocht don CCND ar Ghrúpa Athbhreithnithe na Straitéise Náisiúnta Drugaí le linn an chomhairliúcháin phoiblí agus in ullmhú na straitéise drugaí nua;
- Bhí an Stiúrthóir rannpháirteach ar Ghrúpa Forfheidhmithe na dTaistealaithe;
- Nuashonrú an tsuímh idirlín agus aistriúchán Gaeilge leanúnach na n-íoslódálacha ábhartha don suíomh idirlín.

2.2.2 An Próiseas Taighde

Tá tacaíocht ag gach taighde ón nGrúpa Comhairleach um Thaighde (GCT). Tá Téarmaí Tagartha do na GCT seo sonraithe sna tuarascálacha roimhe seo agus tá siad ar fáil anois ar an suíomh idirlín. Casann an GCT le chéile nuair atá cinneadh déanta faoi cheist taighde agus go bhfuil próiseas coimisiúnaithe le leanúint. Bíonn taighde curtha ar conradh go seachtrach trí iarratais ar thairiscintí, rannpháirtíocht dhíreach nó beart inmheánach. Déanann an GCT, a chuimsíonn páirtithe leasmhara nó saineolaithe ábhartha, an próiseas taighde a mhaoirsiú, taighdeoirí a chóitseáil agus meantóireacht a thabhairt dóibh, comhairle agus treoir a thabhairt nuair is cuí agus athbhreithniú a dhéanamh ar aschur scríofa roimh thuarascáil a chur faoi bhráid an CCND le breithniú.

2.2.3 Taighde Coimisiúnaithe

Rinneadh tionscadal taighde amháin a choimisiúnú in 2008 mar a shonraítear thíos;

Staidéar ar Mhargaí Drugaí

Tháinig an CCND, an Bord Taighde Sláinte agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar chomhaontú chun taighde a dhéanamh ar 'Mhargaí Drugaí' in ionaid dhifriúla in Éirinn. Cuireadh maoiniú roinnte agus socruithe conartha i gcrích agus cuireadh tús leis an tionscadal in 2008. Rinneadh suirbhé sráide i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair agus thosaigh bailiúchán sonraí i measc na bpríomhghníomhaireachtaí i mí na Samhna. Déanfaidh an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta (SDE) taighde a chomhlíonadh chun tacú leis an taighde, trí anailís a dhéanamh ar shamplaí drugaí dá íonacht agus láidreacht. Tháinig an CCND agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus

Athchóirithe Dlí ar chomhaontú chun an SDE a sholáthar le hacmhainní breise atá ag teastáil don tionscnamh speisialta seo. Tá súil leis an tuarascáil deiridh i mí na Nollag 2009.

2.2.4 Taighde Leanúnach

(i) Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí

Cuireann an tsraith feasacháin na príomhthorthaí i láthair ón dara suirbhé leitheadúlachta drugaí ar theaghlaigh in Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch de dhaoine in idir 15 agus 64 bliana d'aois déanach in 2006/luath in 2007, de réir chaighdeáin atá leagtha síos ag an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA). Baineann na sonraí sna feasacháin seo le rátaí leitheadúlachta drugaí ar bhonn saoil, na bliana seo caite (le déanaí) agus na míosa seo caite (reatha) do dhrugaí neamhdhleathacha agus eile lena n-áirítear alcól agus tobac. Déantar na difríochtaí suntasacha staitistiúla i rátaí leitheadúlachta idir 2002/03 agus 2006/7 a chur i láthair freisin. Tharla comhoibriú dlúth le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann chun caighdeáin chomhoiriúnaithe a chinntiú agus chun comhfhoilseacháin na sonraí a fhorbairt don dhá dhlínse. Bhí sé fhoilseachán ann in 2008:

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Na Chéad Torthaí ón Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007 Feasachán 1. Foilsithe in Eanáir 2008.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann: Na chéad torthaí ón Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007. Feasachán 1. *TRÉIMHSÍ MUINÍNE.* Foilsithe i mBealtaine 2008 agus curtha ar fáil ar an nGréasán amháin.

An Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007. *Tuarascáil Theicniúil.* Foilsithe i mBealtaine 2008 agus curtha ar fáil ar an nGréasán amháin.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí: Torthaí ón Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí (Éire) & ón Health and Social Service Board (Tuaisceart Éireann) Feasachán 2. Foilsithe i Meitheamh 2008.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí: Torthaí Cócaoin Feasachán 4. Foilsithe i nDeireadh Fómhair 2008.

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí: Torthaí Cannabais Feasachán 3. Foilsithe i mí na Nollag 2008.

Eiseofar breis foilseacháin ar úsáid Ildrugaí agus Támhacháin nó Suaimhneasáin, agus Frithdhúlagráin in 2009. Lena chois sin, déanfaidh CCND ar shonraí na húsáide alcóil sa dhá shuirbhé - tá sé ar intinn feasachán Alcóil a fhoilsiú roimh shamhradh 2009.

(ii) An Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn lena Meastar Éifeachtacht na Cóireála Drugaí (An Staidéar ROSIE)

Rinne an CCND Staidéar ROSIE a choimisiúnú in 2002 faoi Bheart 99 na Straitéise Náisiúnta Drugaí. Seo é an chéad staidéar toraidh fadaimseartha ionchasaigh in Éirinn ag díriú ar chóireáil drugaí ilionaid. Rinne an staidéar 404 úsáideoir óipiam a earcú agus a leanúint, ó thús na heipeasóide cóireála nua (iontógáil na cóireála) agus monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn ag pointí am-shocraithe: 6 mhí; 1 bliain; agus 3 bliana tar éis iontógála na cóireála. Rinneadh na rannpháirtithe a earcú ag an bpointe iontrála i dtrí réimse cóireála difriúla: cothabháil meatadóin (53.2%); díthocsainiú struchtúrtha (20%); agus cóireáil staonta-bhunaithe (20.3%); agus earcaíodh fo-shampla d'úsáideoirí óipiam ó shaoráidí malartaithe steallairí (6.4%).

Foilsíodh ceithre Fheasachán de Thorthaí ROSIE in 2007, an chéad cheann (Torthaí ROSIE 1) a thug tuairisc ar thorthaí úsáide drugaí ag bliain amháin, baint le coiriúlacht, iompraíocht riosca a bhaineann le hinstealladh, agus torthaí fisiciúla agus sláinte meabhraí. Thug an trí fheasachán ina dhiaidh sin (Torthaí ROSIE 2, 3 agus 4) tuairisc ar thorthaí 1-bliana maidir le gach modh cóireála (díthocsainiú, staonadh, agus meatadón). Tá na foilseacháin seo ar fáil ar shuíomh idirlín an CCND *www.nacd.ie Anailís agus Foilseachán ar shonraí 1-bliana agus 3-bliana.*

Bhí breis anailíse ar shonraí ROSIE do thorthaí 1-bliana agus 3-bliana fós idir lámha ag deireadh 2007 agus foilsíodh trí fheasachán breise de 'Thorthaí ROSIE' in 2008.

Torthaí ROSIE 5, a thug anailís ar chosúlachtaí agus difríochtaí de réir inscne ag an athleanúint 1-bliana. Foilsithe i nDeireadh Fómhair 2008.

Torthaí ROSIE 6, a chur achoimre de thorthaí 3 bliana do dhaonra an staidéir ar an iomlán (ráta athleanúna de 88%), a ndéantar cur síos orthu mar dhaoine a rinne agallaimh ag iontógáil agus ag an bpointe 3 bliana. Foilsithe ar an suíomh idirlín amháin i nDeireadh Fómhair.

Torthaí ROSIE 7, a chuir torthaí i láthair do dhaoine a rinne an trí agallamh (ráta athleanúna 72%) ag iontógáil na cóireála, ag athleanúint 1-bliana agus 3-bliana. Tagraítear do na rannpháirtithe seo mar ghrúpa 'De Réir Prótacail'. Foilsithe i nDeireadh Fómhair 2008.

Leanfaidh anailís ar shonraí ROSIE do thorthaí 3-bliana in 2009 agus díreoidh foilseacháin bhreise ar Thorthaí ROSIE ar choiriúlacht, úsáid ildrugaí, agus fáistineoirí na dtorthaí cóireála.

Tá Tuarascáil Deiridh ROSIE i mbun eagarthóireachta anois agus déanfar í a fhoilsiú agus a dháileadh go luath in 2009. Tugann an tuarascáil seo forbhreathnú cuimsitheach ar an staidéar agus cuireann sí sonraí iontógála na cóireála agus torthaí 1-bliana agus 3-bliana i láthair.

Rinne an CCND DVD a choimisiúnú in 2008 leis an scéal a insint faoi Thorthaí na Cóireála Drugaí in Éirinn agus cuireadh é seo i gcrích i mí na Nollag. Déanfar é a sheoladh go luath in 2009 leis an tuarascáil deiridh.

(iii) Feachtas Feasachta Náisiúnta Drugaí - Tuarascáil Meastóireachta Iomlán
Foilsíodh an tuarascáil iomlán in Eanáir 2008 agus rinneadh an Achoimre Feidhme a phriontáil agus as scaipeadh i mí Feabhra 2008.

(iv) Ag Fiosrú Thimpeallacht Riosca na bhFadhbúsáideoirí Drugaí a Théann i mBun Striapachais i mBaile Átha Cliath
Tá an CCND ag gníomhú mar Phríomh-Iniúchóir sa staidéar seo. Bhí sé deartha go hinmheánach agus fuarthas faomhadh eiticiúil ó Choiste Eitice Taighde Bhord an Lárionaid Chóireála Drugaí. Rinne taighdeoirí CCND saothar allamuigh a chomhlánú i lár 2008, rinneadh anailís agus léirmhíniú ar shonraí agus seoladh an chéad dhréacht den tuarascáil chuig an CCND i mí na Nollag 2008. Déanfar an tuarascáil deiridh a fhoilsiú agus a scaipeadh in 2009.

(v) Staidéar Comparáideach ar Úsáid Drugaí i measc Luathfhágálaithe Scoile agus Lucht Freastail Scoile
Tá an CCND ag gníomhú mar Phríomh-Iniúchóir freisin sa staidéar seo a dearadh go hinmheánach. Fuair an CCND faomhadh eiticiúil d'fhorfheidhmiú an staidéir ó Choiste Eitice Taighde Bhord an Lárionaid Chóireála Drugaí. Tá an staidéar ag iniúchadh úsáide drugaí i measc luathfhágálaithe scoile agus luch freastail scoile i gcomhthéacs riosca agus tosca cosanta. Tar éis don staidéar píolótach a bheith comhlánaithe, eisíodh tairiscint do ghné saothair allamuigh an phríomhstaidéir agus bronnadh an tairiscint ar Ipsos MORI. Cuireadh saothar allamuigh i gcrích in 2008 agus tá anailís ar shonraí ar bun. Tá súil ann go mbeidh na réamhthorthaí ar fáil go luath in 2009.

(vi) Soláthar do Mhalartú Steallairí in Éirinn
D'ullmhaigh FSND agus CCND comhpháipéar don GID ar sholáthar an mhalartaithe steallairí in Éirinn agus bhí faisnéis ar víris fuil-iompartha san áireamh. Foilsíodh an páipéar "Blood-borne viruses and harm reduction strategies: An assessment of needle exchange provision in Ireland" ar an suíomh idirlín i mí na Nollag 2008.

(vii) Athstaidéar Gabhála Athghabhála
Seo athdhéanamh ar an Staidéar Gabhála Athghabhála a rinne réamh-mheastacháin a sholáthar ar leitheadúlacht na faidhbe maidir le húsáid óipiam in Éirinn don tréimhse 2000 go dtí 2001 ag baint leasa as trí fhoinse: an Lár-Liosta Cóireála, Sonraí PULSE na nGardaí agus bunachar sonraí HIPE (Hospital In-Patient Enquiry - Fiosrú Othar

Cónaitheach na nOspidéal). Is í aidhm an staidéir athdhéanta ná réamh-mheastacháin nuashonraithe a sholáthar bunaithe ar shonraí do thréimhse 2006. Fuair an conraitheoir, an Dr Alan Kelly ó Aonad um Thaighde Sláinte na gCeantar Beag (ATSCB), na sonraí ar fad ó thacair sonraí riachtanacha agus tá glanadh deiridh na sonraí ar bun. Tá súil ann go mbeidh réamhfhigiúirí ar fáil go luath in 2009.

(viii) Bileog Threorach an tSaothair Idirghníomhaireachta

D'ullmhaigh CCND faisnéisiú don Rialtas ar shaothar Idirghníomhaireacht do chosc drugaí a úsáideadh mar bhunús do chomhaighneacht le FSND do gach roinn i ndáil le hullmhú a ráitis straitéise. Tá an tuarascáil a thacaíonn leis an aighneacht seo á chur i gcrích i láthair na huaire agus foilseofar í ar an suíomh idirlín in 2009.

2.2.5 Comhobair

Tá saothar comhoibrithe mar phrionsabal lárnach sa CCND agus déantar gach iarracht leis na páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach sna comhráite ábhartha, tionscadail agus gníomhaíochtaí taighde. Bhí an CCND fíor-ghníomhach le bliain anuas ag comhoibriú le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ar Shuirbhé Leitheadúlachta Uile-Éireann. Lean an caidreamh comhoibrithe seo ón mbliain 2002 i leith. Lena chois, thug an CCND na páirtithe leasmhara ábhartha le chéile sna grúpaí comhairleacha um thaighde éagsúla chun tacú le tionscadail taighde eile. Bhí oifigigh rannpháirteach ó na réimsí a leanas: na Ranna Oideachais agus Eolaíochta; Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; Sláinte agus Leanaí; an Bord Taighde Sláinte; an tAonad Straitéise Drugaí; Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí; Coláiste na Tríonóide; an Lárionad Náisiúnta Andúile, Londain; Ruhama; Chrysalis; UISCE; Tionscadal Sláinte na mBan; Tionscadal Sláinte na bhFear Aerach; Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath; Straitéisí VEID Aerach; An Garda Síochána; An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta; agus Aonad Forghníomhaithe um Dlí Custaim na nDrugaí sna Coimisinéirí Ioncaim.

2.2.6 Comhobair idir an CCND/FSND

Comhoibríonn CCND go dlúth le FSND chun tacaíocht, comhairle agus faisnéis theicniúil a sholáthar ar thairiscint na dtionscadal taighde do Thascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla ar Dhrugaí (TFRD/TFÁD). Tugadh tacaíocht do TFRD/TFÁD le riachtanais taighde a bhreithniú ina gceantar, tionscadail taighde a choimisiúnú agus a bhainistiú trí theileafón, ríomhphost agus cruinnithe pearsanta. Chomhoibrigh an CCND le FSND in 2008 freisin chun comhpháipéar a ullmhú don GID ar mhalartú steallairí, agus bhí faisnéis faoi víris fuil-iompartha san áireamh.

2.3 Bainistíocht Fheidhmíochta

2.3.1 Foireann

Tá ceithre phríomhphost san CCND a thacaíonn an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta leo trí iasacht agus conradh. Tá an Stiúrthóir agus an tOifigeach Taighde ar conradh agus an tArdoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) agus an tOifigeach Cléireachais (CO) páirtaimseartha ar iasacht ón Roinn.

2.3.2 Scórchárta Ualaithe

Bhí ráta éifeachtúlachta 85% ag an CCND in 2008. Tagann an toradh lenár spriocanna don bhliain. Tionóladh 30 cruinniú inmheánach (seacht gcinn a bhí mar chruinnithe foirne) chun sreabhadh na hoibre a bhainistiú agus na hardleibhéil táirgiúlachta ó fhoireann chomh beag a choinneáil. Bhain an 23 cruinniú eile le saothar na bhfo-choistí, na ngrúpaí comhairleacha um thaighde agus cuairteoirí don CCND.

Soláthraíodh faisnéisiú don Aire ar thrí ócáid agus rinneadh freastal ar 52 cruinniú seachtrach, i ndáil le soláthar tacaíochta do TFRD/TFÁD, do ghníomhaireachtaí eile agus do chlár taighde an CCND.

Chomh maith lena dtaighde a choimisiúnú agus a bhainistiú, gineann clár saothair an CCND raon gníomhaíochtaí eile a chuireann gné bainistíochta tionscadail eile le hoibríochtaí CCND. Tá obair inmheánach ann lena n-áirítear tacaíocht rúnaíochta a sholáthar do choistí éagsúla, imeachtaí a eagrú, caidreamh leis na meáin agus an próiseas foilseacháin a bhainistiú (lena n-áirítear profáil, eagarthóireacht agus seiceáil na ndréachtanna ar fad

atá ag teacht agus ag imeacht ón áras deartha agus an próiseas priontála a bhainistiú). Gineann gach foilseachán sraith gníomhaíochtaí i ndáil le pleanáil agus eagrú na tuarascálacha a scaipeadh, agus dáileadh os cionn 9,000 tuarascáil ar na páirtithe leasmhara is tábhachtaí in 2008.

2.3.3 Saoráil Faisnéise (SF)

Cuireann an CCND tromlach na faisnéise ar fáil ar líne. Mar sin féin, faightear iarratais SF ó thráth go chéile. Tá leabhar tagartha foilsithe ar an suíomh idirlín de réir cheanglais Ailt 15 agus 16 na nAchtanna um SF. De réir Ailt 15 an Achta, is é cuspóir an leabhair tagartha ná rochtain a éascú ar fhaisnéis oifigiúil atá coinnithe ag CCND, trí struchtúr, feidhmeanna agus sonraí na seirbhísí soláthraithe ag CCND a leagan amach, conas gur féidir leas a bhaint astu, faisnéis ar réimsí na dtaifead atá coinnithe, agus eolas ar conas iarratas a dhéanamh don CCND faoi na Achtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Tá CCND faoi cheanglas de réir Ailt 16 an Achta um SF le leabhar a fhoilsiú a chuimsíonn rialacha, nósanna imeachta, cleachtais, treoirlínte agus léirmhínithe úsáidte ag CCND. Tá cóipeanna den fhoilseachán seo ar fáil ar www.nacd.ie nó ar iarratas ó oifigí an CCND.

Is í Mary Jane Trimble Oifigeach SF don CCND. Is é Alan Gaffney an Cinnteoir SF agus déileálann an Stiúrthóir le hachomhairc inmheánacha. Ní raibh aon iarratais SF in 2008.

2.3.4 Tacaíocht an Aonaid Straitéise Drugaí (ASD)

Soláthraíonn CCND faisnéis mar fhreagra ar Cheisteanna Parlaiminteacha chuig Aonad Straitéise Drugaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta agus rinneadh faisnéis eile a sholáthar mar fhreagra ar fhiosruithe ginearálta ar cheisteanna drugaí in 2008. Tacaíonn ASD leis an CCND chun conarthaí a ullmhú agus a shíniú agus le riarachán na n-acmhainní airgeadais atá leithdháilte ar CCND.

Rinne an Stiúrthóir ionadaíocht don CCND i bPróiseas Comhairliúcháin na Straitéise Náisiúnta Drugaí (SND), ag freastal ar ocht as 15 de chruinnithe Comhairliúcháin Phoiblí mórthimpeall na tíre. Bhí an Stiúrthóir rannpháirteach i bpróiseas dréachtaithe na Straitéise Náisiúnta Drugaí nua freisin, ag freastal ar 23 cruinniú athbhreithnithe in 2008 ar an iomlán, agus deich gcinn a tharla sa cheithre mhí deiridh in 2008. Bhí tiomantas de níos mó ná 40 lá oibre ann don Stiúrthóir chun tacú leis an Athbhreithniú agus Straitéis Drugaí nua a ullmhú.

2.3.5 Rannpháirtíocht in Oiliúint

Leanadh le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne in 2008 trí sheimineáir agus comhdhálacha éagsúla agus trí rannpháirtíocht ar chúrsaí sonracha atá comhaontaithe tríd an bplean forbartha gairmiúil. Chlúdaigh na cúrsaí na réimsí seo a leanas:

- Scríbhneoireacht Ghnó Éifeachtach;
- Bainistíocht Ama;
- Anailís Il-Leibhéal;
- Gaeilge;
- Staidéar Andúile;
- Pacáistí bogearraí d'anailís ar shonraí SPSS, QSR NVivo.

Caibidil a Trí

Cumarsáid

Bíonn tiomantas cumarsáide sa chiall is leithne de dhíth mar chuid de phríomhdhulgais an CCND chun díospóireacht agus plé a chothú ar shaincheisteanna drugaí go hinmheánach agus go seachtrach i measc an raon leathan páirtithe leasmhara a dhéanann idirbheartaíocht leo. Is gné bhreise í foilsiú agus dáileadh ar thaighde an CCND mar áis cumarsáide lena spriocanna a bhaint amach. Is iad cuspóirí na straitéise cumarsáide ná:

- Comhairle agus faisnéisiú tráthúil a sholáthar don Aire ar phríomhcheisteanna agus treochtaí éiritheacha;
- Comhairle a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse agus cleachtóirí sna hearnálacha a bhaineann le torthaí taighde ábhartha a chuirfeadh eolas ar fáil do smaointeoireacht agus cleachtas reatha;
- Clár taighde a chur chun cinn i measc na réimsí i mó tionchair sna gníomhaireachtaí agus forais a dhéanann taighde a bhaineann le drugaí a chothú, a choimisiúnú, a mhaoiniú nó a chomhlíonadh agus/nó a bhfuil rochtain acu ar shonraí ábhartha sa réimse;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an CCND agus ar son na hÉireann ag fóraim idirnáisiúnta.

3.1 Comhairle don Rialtas

Sholáthraigh CCND comhairle don Rialtas ar roinnt ócáidí i rith 2008 trína rannpháirtíocht ar an GID, ina bhfaisnéisithe don Aire agus trí mholtaí a rinneadh bunaithe ar thaighde nó faisnéis a bhí breithnithe acu. Chlúdaigh an chomhairle na réimsí a leanas in 2008: torthaí na cóireála drugaí, leitheadúlacht drugaí, víris fuil-iompartha agus straitéisí laghdaithe dochair. Soláthraíonn CCND comhairle agus tacaíocht leanúnach don Aonad Straitéise Drugaí freisin trí cheisteanna parlaiminteacha agus fiosruithe ginearálta a fhreagairt.

3.2 Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide

Lean an CCND ag giniúint leibhéil suime suntasacha sna meáin chumarsáide in 2008. Rinne ionadaithe ó raon leathan meán cumarsáide freastal ar an gcúig seoladh tuarascála, agus bhí an tAire, an Cathaoirleach, an Stiúrthóir agus comhaltaí CCND eile rannpháirteach in agallaimh ar shaincheisteanna éagsúla ag eascairt ón taighde.

Faigheann foilseacháin an CCND clúdach nuachta láithreach agus bhí an CCND luaite in 2008 ar fheasacháin nuachta ar an teilifís, ar 19 stáisiún raidió áitiúil lena n-áirítear ceithre stáisiún neamhspleách i mBaile Átha Cliath, agus ar RTÉ Raidió a hAon, 2FM, Today FM agus Newstalk Radio. Tugadh caoga agus a haon agallamh ar chláir teilifíse agus raidió náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil le cúrsaí nuachta agus reatha lena n-áirítear cláir ar RTÉ Raidió a hAon, 2FM, BBC Northern Ireland, Newstalk Radio, FM104, City Channel, Today FM agus 18 cainéal áitiúil agus réigiúnach eile.

Bhí daichead alt i ndáil le foilseacháin eisithe ag an CCND nó taighde a bhí comhlíonta ag an CCND le feiceáil i nuachtáin náisiúnta lena n-áirítear: The Irish Times; The Examiner; grúpa an Irish Independent; Irish Mirror; agus an Daily Star agus 38 alt foilsithe i nuachtáin réigiúnacha. Bhí 23 alt breise foilsithe ag suíomhanna meáin gréasán-bhunaithe.

Déantar teagmháil leis an CCND go rialta i rith na bliana nuair a bhíonn urghabháil mhór nó má tharlaíonn rud tubaisteach toisc mí-úsáide drugaí. Tugann an CCND freagraí fíriciúla ar na hócáidí seo faoi leitheadúlacht drugaí, cóireáil agus cosc na mí-úsáide drugaí a chuireann le feasacht ghinearálta sa daonra dá réir.

3.3 Suíomh Idirlín an CCND

Cuimsíonn an suíomh idirlín gach faisnéis atá riachtanach faoin CCND, lena n-áirítear fís, misean agus luachanna, feidhmeanna agus comhaltas. Tá faisnéis ar struchtúr na bhfo-choistí agus ar chlár saothair an CCND san áireamh freisin.

Rinneadh athstruchtúrú ar an suíomh chun é a dhéanamh níos furasta le húsáid agus nuashonrú déanta le tionscadail taighde, imeachtaí agus

seimineáir a tharla in 2008 agus blianta roimhe a chur san áireamh. Cuireadh naisc bhreise leis an suíomh idirlín.

Foilsítear gach tuarascáil CCND go comhuaineach ar an suíomh idirlín agus is féidir iad a íoslódáil saor in aisce. Tá an suíomh idirlín ar fáil i bhformáid dhátheangach- Béarla agus Gaeilge - agus dá réir sin is féidir leaganacha Gaeilge de thuarascálacha bliantúla, pleananna gnó, preaseisiúintí agus achoimrí taighde siar go dtí 2003 a íoslódáil.

3.4 Seimineáir/Faisnéisiú 2008

3.4.1 Seimineáir/Comhdhálacha ar fhreastail baill foirne an CCND orthu in 2008

Feabhra
Addicted to Treatment? Reflecting and rethinking responses to client progression
Comhdháil eagraithe ag Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí Bhaile Munna.
Óstán Carlton, Baile Átha Cliath.

Márta
Prostitution, Policy New Directions
Eagraithe ag an Eaves/Poppy Project for Women in Prostitution.
South Bank University, Londain.

First Biennial Conference of the Irish Youth Justice Service- 'Best Practice for Youth Justice, Best Practice for All'
Eagraithe ag Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann.
Béal Átha Conaill, An Cabhán

Aibreán
Safer Injecting Seminar: An Injection of Common Sense
Seimineár ag díriú ar an díobháil a bhaineann le húsáid drugaí insteallta a laghdú agus freagraí dearfacha sláinte a chur chun cinn.
Eagraithe ag Cé na gCeannaithe Éireann (CCÉ).
Seoladh CCÉ: Safer Injecting Guide ag an Aire Stáit, Pat Carey TD.

International Society for the Study of Drug Policy (ISSDP) Conference
Téamaí: Meastóireacht ar pholasaí drugaí, múnlaí ar pholasaí drugaí a shainiú, an chur chuige comhtháite do dhrugaí ceadaithe agus neamhcheadaithe, cúiseanna imní slándála agus núise.
Le tacaíocht ón EMCDDA agus Instituto da Droga e da Toxicodependencia (IDT).
Liospóin.

CSTGT
Joint Trade Union-Community Seminar on Drugs and Alcohol 2008
Rinne an Dublin CityWide Drugs Crisis Campaign i gcomhar le Coiste Réigiúnach Feidhmiúcháin CSTGT i mBaile Átha Cliath seimineár leath lae a óstáil chun:
Feasacht a mhúscailt ar cheist na ndrugaí agus an alcóil i measc comhaltaí an cheardchumainn;
Freagraí praiticiúla a fhorbairt gur féidir a fhorbairt agus a fhaigheann tacaíocht ó na ceardchumainn;
Dul i ngleic leis na páirtithe a mbeidh baint acu leis na freagraí seo - cosúil leis an earnáil phobail, fostóirí, gníomhaireachtaí Stáit agus an Rialtas.
Téatar Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath.

Bealtaine
Women in Prison, The Need for a Critical Review
Príomhchainteoir: An Barúnaí Jean Corston.
Ionad Creidimh & Ceartais na nÍosánach.
Leabharlann Dlí na Comhairle Barra,
Baile Átha Cliath.

Meitheamh
Ana Liffey Project: Annual Report Launch

Gay Health
Eagraithe ag an Gay Men's Health Project.
Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Meán Fómhair
First Global Conference on Methamphetamine, Science Strategy and Response.
Leitheadúlacht domhanda 'methamphetamine' (MA), peirspictíochtaí eipidéimeolaíochta agus eitneagrafaíochta, dúshláin chliniciúla agus síceolaíochta agus an creatlach dlí a threoraíonn polasaí agus straitéisí drugaí. Prág.

Economic Development 50 Years On 1958-2008
An Foras Riaracháin i gcomhar leis an Roinn Airgeadais.
Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Deireadh Fómhair
Family Matters: Exploring Key Concepts, Principles and Practices In Relation to Addiction and the Family
Eagraithe ag Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí Bhaile Munna.
Óstán Carlton an Aerfoirt, Seantrabh.

3.4.2 Ábhair a chuir an CCND i láthair i rith 2008

Feabhra
Seoladh an Fheachtais Feasachta Náisiúnta Drugaí
Rinne an tUasal Mairéad Lyons cur i láthair.
Teach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath.

Márta
Athbhreithniú SND
Rinne an tUasal Mairéad Lyons cur i láthair don CCND faoin athbhreithniú SND.

Aibreán
CityWide Drugs Crisis Campaign Conference
Rinne an Dr Gemma Cox cur i láthair.

Iúil
Grúpa Athbhreithnithe SND
Rinne an Dr Teresa Whitaker cur i láthair ar mholtaí ag eascairt ó thaighde ar Úsáid Drugaí, Obair Ghnéis agus an Timpeallacht Riosca i mBaile Átha Cliath.

Samhain
Tástáil Drugaí san Ionad Oibre
Rinne an Dr Teresa Whitaker cur i láthair do chomhdháil CSTGT.
Loch Garman.

3.5 Foilseacháin agus Aighneachtaí

1. **Páipéir CCND ar Athshlánúchán** curtha faoi bhráid an ghrúpa saothair in 2005 agus foilsithe ar an nGréasán amháin in Eanáir 2008. *www.nacd.ie.*

2. Sixsmith, J., NicGabhainn, S. (2008) **Meastóireacht ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí.** Tuarascáil Taighde Iomlán foilsithe ar an nGréasán amháin in Eanáir 2008. *www.nacd.ie.*

3. **Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Na Chéad Torthaí ón Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí Feasachán 1.** Foilsithe in Eanáir 2008.

4. Sixsmith, J., NicGabhainn, S. (2008) **Meastóireacht ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí.** Achoimre Feidhme priontáilte le scaipeadh. Foilsithe i mí Feabhra 2008.

5. Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Na chéad torthaí ón Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007. Feasachán 1. **TRÉIMHSÍ MUINÍNE.** Foilsithe i mBealtaine 2008 agus ar fáil ar an nGréasán amháin. *www.nacd.ie.*

6. An Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí 2006/2007 **Tuarascáil Theicniúil**. Foilsithe i mBealtaine 2008 agus ar fáil ar an nGréasán amháin. *www.nacd.ie.*

7. **Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí: Torthaí ón Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí (Éire) & ón Health and Social Service Board (Tuaisceart Éireann) Feasachán 2.** Foilsithe i Meitheamh 2008.

8. Cox, G, Kelly P, Comiskey C (2008). **Torthaí ROSIE 5 Cosúlachtaí agus Difríochtaí Inscne sna Torthaí i ndiaidh Bliain Amháin.** Foilsithe ag an CCND i Meán Fómhair 2008.

9. Comiskey C, Kelly P, Stapleton R (2008). **Torthaí ROSIE 6 Achoimre ar Thorthaí i ndiaidh 3 bliana.** Foilsithe ag CCND i nDeireadh Fómhair 2008 agus ar fáil ar an nGréasán amháin. www.nacd.ie.

10. Comiskey C, Kelly P, Stapleton R (2008). **Torthaí ROSIE 7 Achoimre ar Thorthaí don Daonra De Réir Prótacail.** Foilsithe ag CCND i nDeireadh Fómhair 2008.

11. **Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí: Torthaí Cócaoin Feasachán 4.** Foilsithe i nDeireadh Fómhair 2008.

12. **Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann 2006/2007 Suirbhé Leitheadúlachta Drugaí: Torthaí Cannabais Feasachán 3.** Foilsithe i mí na Nollag 2008.

13. **Soláthar do mhalartú steallairí in Éirinn. Comhpháipéar ag an CCND agus FSND.** Foilsithe i mí na Nollag 2008 agus ar fáil ar an nGréasán amháin.*www.nacd.ie.*

14. **Tuarascáil Bhliantúil 2007.** Foilsithe ar an nGréasán i mí na Nollag 2008.

15. Achoimrí taighde a foilsíodh i mí na Nollag 2008 leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Caibidil a Ceathair

Cúrsaí Airgeadais

4.1 Taighde - Maoiniúchán a Leithdháileadh

(do Thionscadail Taighde Coimisiúnaithe in 2008)
(CBL san áireamh mar is cuí)

Grúpaí Comhairleacha um Thaighde
Staidéar ar Mhargaí Drugaí €189,237.95
Aonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól den Bhord Taighde Sláinte

(Rinne an CCND ranníocaíocht €111,390.36 i dtreo chostais iomlán an staidéir, agus rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí €27,847.59 a sholáthar. Rinne an Bord Taighde Sláinte ranníocaíocht de €50,000)

Bearta/Gníomhaíochtaí Tacaíochta
Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide
Montague Communications €23,690.28

Leithdháileadh Iomlán an CCND **€135,080.64**

4.2 Caiteachas an CCND

Rinne an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta buiséad bliantúil de €1.3 milliún go neasach a leithdháileadh i dtreo fheidhmithe an CCND. Tá seachtó faon gcéad den bhuiséad leithdháilte do mhaoiniú taighde agus an 30% eile do riarachán ginearálta.

Is cur síos iad na figiúirí atá léirithe ar chaiteachas CCND ar thaighde agus riarachán ginearálta do 2008. Tá cúrsaí airgeadais an CCND comhtháite le cuntais ghinearálta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Caiteachas an CCND ar thionscadail taighde nua agus reatha, lena n-áirítear sainthacaíocht sheachtrach i gcomhair 2008 **€639,896.87**

Caiteachas an CCND ar riarachán ginearálta, lena n-áirítear pá, caidreamh leis na meáin agus seirbhísí dlí i gcomhair 2008 **€343,331.82**

Aguisín a hAon

Comhaltacht an Choiste CCND amhail an 31 Nollaig 2008

Cathaoirleach

Dr Des Corrigan, Acadóir ar Cuairt, Scoil Cógaisíochta & na n-Eolaíochtaí Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide

Leaschathaoirleach

Dr Mary Ellen McCann, Ceapachán Acadúil

Comhaltaí

An tOllamh Joe Barry, Ceapachán Acadúil

An tUasal Jackie Blanchfield, LCDD

An tUasal Michael Conroy, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

An Seanadóir Maria Corrigan, Síceolaí Cliniciúil

An tUasal Joseph Doyle, FSS

An tUasal Anna Quigley, An Earnáil Phobail

An tUasal John Garry, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tUasal Mairéad Kavanagh, LCDD

Dr Eamon Keenan, Síciatraí Comhairleach, FSS, Ceantar an Iardheiscirt

Dr Jean Long, AFTDA, An Bord Taighde Sláinte

An tUasal Eamon Corcoran, An Roinn Sláinte agus Leanaí

An Ceannfort Barry O'Brien, Aonad Náisiúnta Drugaí na nGardaí

An tUasal Liam O'Brien, An Earnáil Phobail

An tUasal Mary O'Shea, CCAAÉ

Dr Máirín O'Sullivan, An Roinn Oideachais & Eolaíochta

An tUasal Vivienne Fay, FSS

Folúntas, FSND

Comhaltaí Scortha an CCND (2008)

An tUasal Sunniva Finlay, An Earnáil Phobail

An tUasal David Moloney, An Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUasal Patricia O'Connor, FSND

Comhaltaí na bhFo-Choistí i rith 2008 (Nach bhfuil ar an bPríomhchoiste)

Iarmhairtí

An tUasal Alison O'Reilly, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Dr Hugh Gallagher, FSS

An tUasal Margaret O'Gorman, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tUasal Gabriel Staunton, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Luathrabhadh/Treochtaí Éiritheacha

Dr Daniel O'Driscoll, An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta

Dr Bobby Smyth, FSS, Ceantar an Iardheiscirt

An tUasal Jean Burdette, Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí

An tUasal Siobhán Stokes, An tSaotharlann Stáit / Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí

Dr Richie Maguire, An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

An tUasal Noreen Quinn, An Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUasal Maria Ryan, Na Coimisinéirí Ioncaim

An tUasal Breda O'Shea, Na Coimisinéirí Ioncaim

An tUasal Gerry Hayes, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An Bleachtaire-Gharda Pat Davis, Aonad Náisiúnta Drugaí na nGardaí

An tUasal Anya Pierce, An Rannóg Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont

An tUasal Helen Crosse, An Rannóg Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont

An tUasal Michael McDonagh, Clár Alcóil & Drugaí Crosscare

An tUasal Andy Osborne, Clár Alcóil & Drugaí Crosscare

An tUasal Niamh Arthur, Bord Leigheasra na hÉireann

Dr James Gray, An Rannóg Éigeandála, AMNCH

An tUasal Liam Regan, An tSaotharlann Stáit

An tUasal Fiona Walsh, FSS Ceantar an Iarthair

An tUasal Gabriel Staunton, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Leitheadúlacht

An tUasal Barry McGreal, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

An tUasal Eddie Arthurs, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Cosc

An tUasal Robbie Breen, An Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUasal Ruby Morrow, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann

An tUasal Mary Johnston, Seirbhísí Tacaíochta an Chláir 'Walk Tall'

An tUasal Bill Ebbitt, FSS

An tUasal Marie McBride, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

An tUasal Linda O'Rourke, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Cóireáil

An tUasal Anna May Harkin, An Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUasal Alan Bell, An Roinn Sláinte agus Leanaí

Dr Íde Delargy, Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann

An tUasal Frances Nangle-Connor, Seirbhís Phríosúin na hÉireann

An tUasal Tony Barden, FSS Réigiún an Oirdheiscirt

An tUasal Linda O'Rourke, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

An tUasal Marie McBride, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta

Aguisín a Dó

Tábla Comhaltais an Fho-Choiste Amhail an 31 Nollaig 2008

		Iarmhairtí	Luathrabhadh/ Treochtaí Éiritheacha	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
Dr Des Corrigan	Acadóir ar Cuairt, Scoil Cógaisíochta & na n-Eolaíochtaí Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide	✓	✓	✓		
Dr Mary Ellen McCann	Ceapachán Acadúil	✓			✓	
An tOllamh Joe Barry	Ceapachán Acadúil			✓		✓
An tUasal Jackie Blanchfield	LCDD		✓			✓
An Seanadóir Maria Corrigan	Síceolaí Cliniciúil				✓	✓
An tUasal Anna Quigley	An Earnáil Phobail	✓		✓		
An tUasal Mairéad Kavanagh	LCDD	✓			✓	
Dr Eamon Keenan	Síciatraí Comhairleach, FSS, Ceantar an Iardheiscirt	✓				✓
Dr Jean Long	AFTDA, An Bord Taighde Sláinte	✓	✓	✓		✓
An tUasal Eamon Corcoran	An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓	✓		
An tUasal Joseph Doyle	FSS			✓		
An Ceannfort Barry O'Brien	Aonad Náisiúnta Drugaí na nGardaí	✓		✓		
An tUasal Liam O'Brien	An Earnáil Phobail	✓				✓
Folúntas	FSND		✓	✓	✓	
An tUasal Mary O'Shea	CCAAÉ	✓				✓
Dr Máirín O'Sullivan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta				✓	
An tUasal Gabriel Staunton	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta	✓	✓			
An tUasal Alison Reilly	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	✓				

		Iarmhairtí	Luathrabhadh/ Treochtaí Éiritheacha	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
Dr Hugh Gallagher	FSS	✓				
Dr James Gray	An Rannóg Éigeandála, AMNCH		✓			
An tUasal Gerry Hayes	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí		✓			
An Bleachtaire-Gharda Pat Davis	Aonad Náisiúnta Drugaí na nGardaí		✓			
An tUasal Liam Regan	An tSaotharlann Stáit		✓			
Dr Daniel O'Driscoll	An tSaotharlann Dlí-Eolaíochta		✓			
An tUasal Noreen Quinn	An Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
An tUasal Helen Crosse	An Rannóg Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont		✓			
Dr Bobby Smyth	FSS, Ceantar an Iardheiscirt		✓			
Dr Richie Maguire	An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre		✓			
An tUasal Maria Ryan	Na Coimisinéirí Ioncaim		✓			
An tUasal Andy Osborn	Clár Alcóil & Drugaí Crosscare		✓			
An tUasal Niamh Arthur	Bord Leigheasra na hÉireann		✓			
An tUasal Fiona Walsh	FSS Ceantar an Iarthair		✓			
An tUasal Siobhan Stokes	Bord an Lárionaid Chóireála Drugaí		✓			
An tUasal Eddie Arthurs	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta			✓		
An tUasal Barry McGreal	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí			✓		

		Iarmhairtí	Luathrabhadh/ Treochtaí Éiritheacha	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
An tUasal Robbie Breen	An Roinn Sláinte agus Leanaí				✓	
An tUasal Ruby Morrow	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann				✓	
An tUasal Mary Johnston	Seirbhísí Tacaíochta an Chláir 'Walk Tall'				✓	
An tUasal Bill Ebbitt	FSS				✓	
An tUasal Marie McBride	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta				✓	✓
An tUasal Anna May Harkin	An Roinn Sláinte agus Leanaí					✓
An tUasal Alan Bell	An Roinn Sláinte agus Leanaí					✓
An tUasal Tony Barden	FSS Réigiún an Oirdheiscirt					✓
Dr Íde Delargy	Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann					✓
An tUasal Frances Nangle-Connor	Seirbhís Phríosúin na hÉireann					✓

Aguisín a Trí

Bearta Riachtanach don CCND faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí

Sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008, iarradh ar CCND na bearta a leanas a chomhlíonadh.

98 Staidéir a chur i gcrích ar mhí-úsáid drugaí i measc grúpaí a measadh a bheith i mbaol m.sh. Taistealaithe, striapacha, daoine gan dídean, luathfhágálaithe scoile srl. lena n-áirítear dí-dheighilt na sonraí ar na grúpaí seo. Tá sé riachtanach go mbeadh rochtain láithreach ar fhaisnéis staitistiúil ábhartha ag daoine aonair agus grúpaí is mó atá faoi thionchar na mí-úsáide drugaí, chomh maith leis na daoine atá ag obair chun mí-úsáid drugaí a laghdú, a chóireáil agus a chosc.

99 Staidéir toraidh bhreise a choimisiúnú in Éirinn, le tionchar reatha na cóireála meatadóin a bhunú mar a bhaineann le sláinte aonair agus iompraíocht chiontach. Ba chóir go mbeadh staidéir dá leithéidí mar ionstraim thábhachtach chun luach fadtéarmach na cóireála a chinneadh.

100 Taighde a chomhlíonadh ar éifeachtacht na meicníochtaí chun roinnt an trealaimh a íoslaghdú m.sh. steallairí nach bhfuil ath-inúsáidte, saoráidí taistil do mhalartú steallairí srl. chun forfheidhmiú féideartha na roghanna nua a bhunú i measc grúpaí áirithe de dhaonra na n-úsáideoirí drugaí .i. i measc mí-úsáideoirí drugaí níos óige, laistigh de phríosúin srl.